Rialtas na hÉireann Government of Ireland

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Arna chomhchistiú ag an Roinn Forbatha Tuaithe agus Pobail
Co-funded by the Department of Rural and Community Development

Ár dTodhchaí Tuaithe Our Rural Future

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

Treoirlínte maidir le Tionscadail Comhair LEADER 2023-2027

Rialacha Oibriúcháin Chlár LEADER 2023 - 2027

Stair na Leaganacha

Leagan	Ábhar Leasaithe	Dáta
1	Rialacha Oibriúcháin Chlár Comhoibrithe LEADER 2023 - 2027	30/01/2024

Clár an Ábhair

Stair na Leaganacha ..... **i**

Clár an Ábhair ..... **ii**

1. Réamhrá **1**

2. Páirtnéirí, Rannpháirtithe agus Iarratasóirí **1**

2.1 Páirtnéirí 2
2.2 Rannpháirtithe 2
2.3 Iarratasóirí 2

3. Coinníollacha Incháilitheachta – Prionsabail Ghinearálta **4**

3.1 Réimse Tíreolaíochta 4
3.2 Na Príomhchritéir Incháilitheachta & Scóip na dTionscadal 4
3.3 Inghlacthacht na gCostas i gCoiteann agus na gCostas Áitiúil 5

4. Cineálacha Cúnaimh – Céimeanna an Tionscadail **8**

4.1 Céim a hAon - Comhchaidreamh 8
4.2 Céim a Dó - Tionscadal Réamhullmhúcháin maidir le Tacaíocht Theicniúil (An Chéim Réamhfhorbartha) 8
4.2.1 An Próiseas Iarratais i ndáil le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin 9
4.3 Céim a Trí - Tionscadal Iomlán i gComhar 12
4.3.1 An Próiseas Iarratais i ndáil le Tionscadal i gComhar 12
4.4 Costais Riaracháin agus Spreagúlachta 15

5. Comhaontú Comhoibrithe **16**

6. An Próiseas Bainistíochta **17**

7. An Litir Tairisceana **17**

8. Tabhairt i bhfeidhm an Tionscadail agus Íocaíocht a Éileamh **18**

Aguisín 1: Sreabhchlár na dTionscadal maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin go dtí an Litir Tairisceana **19**

Aguisín 2: Sreabhchlár na dTionscadal Iomlán i gComhar go dtí an Litir Tairisceana **20**

Aguisín 3: COMHAR LEADER - TACAÍOCHT THEICNIÚIL RÉAMHULLMHÚCHÁIN – COISTE MEASÚNÓIREACHTA GÁG **21**

Aguisín 4: TIONSCADAL COMHAIR LEADER COISTE MEASÚNÓIREACHTA GÁG **24**

1. Réamhrá

Cuireann comhoibriú le gné na nuála den fhorbairt áitiúil trí eolas, scileanna agus taithí a thabhairt le chéile faoi réimsí téamatúla éagsúla a bhaineann i gcoitinne le straitéisí na gceantar GÁG uile atá rannpháirteach ann. D'fhéadfadh gur spreagadh an comhoibriú maidir le bearta cóiriúla i gceantair éagsúla GÁG nó gur mar gheall ar an gcomhoibriú idir ceantair éagsúla a bheadh toirt leordhóthaineach le tionscadal i gcomhar ionas go bhféadfadh rath a bheith air.

Maidir le gach tionscadal i gcomhar, ní foláir:

- Iad a bheith dírithe ar na téamaí agus na cuspóirí a leagtar amach i straitéisí na LAGs atá lonnaithe in Éirinn;
- Luach breise a bheith á thabhairt i gcrích leo maidir leis na ceantair GÁG, na bearta ar a ndírítear, na daoine lena mbaineann agus/nó pobal an cheantair;
- Réasún soiléir sainiúil a bheith le comhoibriú a dhéanamh, i.e. sochar níos mó agus níos fairsinge a thabhairt i gcrích ná mar a bheadh d'acmhainn ag gach grúpa a thabhairt i gcrích astu féin;
- Cuspóirí siniúla atá inchurtha i gcrích a bheith luaite leis an tionscadal mar chuid den iarratas.

2. Páirtnéirí, Rannpháirtithe agus Iarratasóirí



Sa chás go mbeadh páirtnéireacht idir GÁG agus grúpa neamh-LEADER á bheartú, ba cheart aontú leis sin ó Aonad Bheartas agus Oibríochtaí LEADER na Roinne a fháil sula leanfaí ar aghaidh.

2.1 Páirtnéirí

Is tionscadal i gcomhar an tionscadal a eagraítear i bhfoirm chomhbheartaíocht go díreach idir dhá pháirtnéir nó líon is mó ná dhá pháirtnéir agus a mbíonn leas coiteann as ag an uile pháirtnéir. I gcás mhórchuid na dtioncadal i gcomhar, murarb é iomlán na dtionscadal sin é, mheasfaí gur idir Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta LEADER a tharlódh an chomhpháirtíocht go díreach i.e. gur grúpaí GÁG de chuid LEADER na páirtnéirí. Ní féidir le Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin dul i mbun tionscadal i gcomhar as a gceart féin i.e. ina bpáirtnéirí díreacha, ós ar leibhéal GÁG a bhíonn an caidreamh comhair. Is dócha, ina dhiaidh sin is uile, gur idir na Páirtnéirí Forfheidhmiúcháin thar ceann na ngrúpaí GÁG a tharlóidh an bheartaíocht/idirchaidreamh/bainistíocht i gcomhar de réir mar a bhíonn an obair ar siúl.

Ní féidir le Forais Taighde dul i mbun tionscadal i gcomhar as a gceart féin i.e. ina bpáirtnéirí díreacha, ós ar leibhéal GÁG a bhíonn an caidreamh comhair. De réir Airteagal 77(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, níl Foras Taighde i dteideal cúnamh airgid i ndáil le comhar.

Is féidir tionscadal i gcomhar a eagrú freisin idir GÁG LEADER agus:

- grúpa ionadaithe poiblí agus príobháideacha leasanna socheacnamaíochta áitiúla i gceantar tuaithe ag a bhfuil straitéis forbartha áitiúil á chur i bhfeidhm taobh istigh nó taobh amuigh den Aontas; nó,
- grúpa ionadaithe poiblí agus príobháideacha leasanna socheacnamaíochta áitiúla i gceantar nach ceantar tuaithe ag a bhfuil straitéis forbartha áitiúil á chur i bhfeidhm.

Ní mór aontú na Roinne a fháil ón tús sa chás nach GÁG eile an Páirtnéir Díreach a bheadh ag GÁG i dtionscadal i gComhar. Seo an seoladh ríomhphoist maidir le haontú den sórt sin a iarraidh: OR2327@drcd.gov.ie/

2.2 Rannpháirtithe

D'fhéadfadh baint a bheith ag rannpháirtithe eile leis an tionscadal comhair chomh maith, nach iarratasóirí ná páirtnéirí díreacha iad ach a fhéadann treisiú le tabhairt i bhfeidhm an tionscadail. Samplaí de rannpháirtithe eile a fhéadann saineolas agus luach breise a chur le tionscadal iad leithéid na nÚdarás Áitiúil, Uiscebhealaí Éireann agus eile.

2.3 Iarratasóirí

Ní gá gur GÁG an t-iarratasóir maidir le tionscadal i gcomhar. Cé gur comhpháirtíocht idir dhá GÁG nó níos mó ná dhá GÁG a bhíonn i dtionscadal i gcomhar, d'fhéadfadh gur GÁG, Páirtnéir Forfheidhmiúcháin, fiontar príobháideach nó iarratasóir pobail a bheadh san iarratasóir agus i seoltóir an tionscadail ar an gcuma chéanna le tionscadal LEADER ar bith eile.

Sa chás nach é an GÁG an t-iarratasóir nó seoltóir an tionscadail, déanfaidh an t-iarratasóir/seoltóir an tionscadail (e.g. grúpa Pobail, Páirtnéir Forfheidhmiúcháin nó eile) an tionscadal a thabhairt i gcrích tar éis do na grúpaí GÁG faoi leith é a cheadú.

3. Coinníollacha Incháilitheachta – Prionsabail Ghinearálta

3.1 Réimse Tíreolaíochta

Is iad na coinníollacha incháilitheachta i ndáil le hionad aon infheistíocht a dhéanfaí gur go rachadh an tionscadal chun tairbhe an fhoréigiúin atá mar limistéar ag na limistéir GÁG éagsúla faoi seach. Is féidir iomlán nó páirt den bheartaíocht a chur i bhfeidhm taobh amuigh den Bhallstát atá i gceist, nó taobh amuigh den Aontas, ar choinníoll go ndéanann an bheartaíocht sin tairbhe maidir le haidhm straitéise 8 i bPlean Straitéise an Chomhbheartas Talmhaíochta a thabhairt i gcrích.

3.2 Na Príomhchritéir Incháilitheachta & Scóip na dTionscadal

Mar seo a leanas na critéir cáilitheachta maidir le tionscadail i gcomhar:

- Ní mór baint ag na Páirtnéirí Díreacha le gníomh comhair faoi mar a leagtar amach i roinn 2;
- Ní mór bearta agus torthaí a leagan amach chomh maith le pleananna soiléire maidir le craobhscaoileadh ar thorthaí an tsaothair;
- Ní mór cur i bhfeidhm comhbheartaíochta i gceist leis.

Mar a chéile le gach tionscadal LEADER, ní mór an tionscadal i gcomhar a bheith i gcomhréir le téamaí LEADER faoi mar a leagtar amach i Rialacha Oibriúcháin LEADER 2023-2027 agus leis na haidhmeanna a leagtar amach i Straitéis Forbartha Áitiúil (SFÁ) an GÁG, agus ní mór an tionscadal a bheith chun tairbhe don réigiún a thagann faoi scáth an SFÁ lena mbaineann.

Seo a leanas samplaí de thionscadail i gcomhar:

- Cuidiú le dream áitiúil tionsclaíochta díriú ar mhargaí nua;
- Feabhas a chur ar chaighdeán táirgí déantúsaíochta trí chomhoibriú maidir le modhanna próiseála;
- Comhbhearta maidir le margaíocht agus slabhra gairid soláthair;
- Cur chuige de chineálacha nua a thabhairt isteach maidir le hathnuachan bhailte móra agus shráidbhailte, turasóireacht tuaithe nó bainistíocht timpeallachta, trí lón taithí ghrúpaí GÁG in áiteanna eile a thapú,
- Barainneacht maidir le scála nó ollmhéid chinniúnach a thabhairt i gceist ionas gur féidir tabhairt faoi thionscadal nach bhféadfaí a eagrú i limistéar aon GÁG amháin.

Ní mór aird a thabhairt ar na prionsabail seo a leanas i gcás thionscadail i gcomhar lena mbaineann aistriú eolais agus bearta oiliúna:

- ní thabharfar san áireamh maidir le cúnamh cúrsaí teagaisc ná oiliúna ar cuid iad de ghnáthchláir nó de ghnáthchórais oideachais ar leibhéal réamhscolaíochta, bunscolaíochta, scolaíochta dara leibhéal nó ar ardleibhéil suas le FETAC & QQI Leibhéal 10 agus na leibhéil sin san áireamh;
- ní mór an bheartaíocht a bheith bunaithe ar aistriú eolais agus scileanna as réigiún páirtnéireachta amháin go réigiún páirtnéireachta eile, nó ar fud na limistéar atá i gceist maidir le téama coitianta;
- caithfidh tairbhe breise intomhaiste a theacht de thoradh ar an mbeartaíocht sa cheantar nach dtagann in ionad ná in iomaíocht le soláthar den sórt céanna atá ar fáil cheana sa cheantar.

3.3 Inghlacthacht na gCostas i gCoiteann agus na gCostas Áitiúil

Is costas i gcoiteann an caiteachas a dhéantar i bpáirt i measc pháirtnéirí an tionscadail i gcomhar. Is costas áitiúil an caiteachas ar bhearta a bhaineann go díreachle costais an tionscadail i gcomhar i ngach limistéar GÁG faoi leith nach costas é i gcomhpháirt le grúpaí GÁG eile.

Sa chás go mbíonn costais á gcur i gcomhpháirt ag grúpaí GÁG, ní mór a chinntiú go gcuirtear aon sonrasc amháin chuig aon GÁG ceannródaíochta amháin a bheidh freagrach as an íocaíocht agus a chuirfidh sonraisc ina dhiaidh sin chuig na grúpaí GÁG páirtnéireachta d'fhonn a sciar féin a aisghabháil ó gach GÁG.

Tugtar samplaí sa tábla thíos de Chostais i gCoiteann agus de Chostais Áitiúla

Cineál an Chostais	**Costas Inghlactha**	**Samplaí**
Costais i gCoiteann	Coincheapadh, pleanáil agus costas deimhniúcháin	• Bearta réamhullmhúcháin: costais a bhaineann le ceapadh agus le forbairt an tionscadail; costais ghinearálta a bhaineann le heagrú agus comhordú a dhéanamh ar bhearta pleanála agus réamhfhorbartha
	Ateangaireacht	• Bearta Réamhullmhúcháin & Comhoibre
	Aistriúchán	• Bearta Réamhullmhúcháin & Comhoibre:
	Suirbhéanna	• Forbairt, saothrú & cur i bhfeidhm
	Staidéar	• Staidéar féidearthachta, taighde, comhairleoireacht shonrach agus bearta gaolmhara
	Comhairleoirí seachtracha, cóitseáil,	• Babhtáil sárchleachtais, lena n-áirítear an tríú páirtí a thapú maidir le taighde, measúnóireacht agus aistriú taithí

	Oiliúint	• Oiliúint/craobhscaoileadh i measc bhaill na ngrúpaí GÁG atá páirteach sa tionscadal • Modúl Oiliúna a fhorbairt agus oiliúint réamheolais/phíolótach ar na tairbhithe
	Cúrsaí faisnéise & cumarsáide faoin tionscadal	• Caidreamh poiblí - ábhar bolscaireachta (fógraí, bileoga, leabhráin treorach, láithreáin gréasáin) imeachtaí • Infheistíocht i dtrealamh ar mhaithe le
	Bainistíocht an Tionscadail	• Costais a bhíonn ar an GÁG príomhpháirtnéara maidir le bearta comhordúcháin i leith an tionscadail, monatóireacht agus measúnóireacht ar an tionscadal, de réir mar a aontaíonn na páirtnéirí, gan tuarastail a thabhairt san áireamh.
	Córas / craobhchóras i gcoiteann a rith	• Costais a bhaineann le comhchóras a chur ar bun agus a rith
Costais Áitiúla	Costas Tógála	• Costas a bhaineann leis an bhfoirgneamh / sócmhainn sheasta inláimhsithe a chruthú
	Trealamh Oifige	• Seirbhísí teileafóin agus ríomhaireachta a cheannach
	Taisteal & lóistín	• Costais taistil idirnáisiúnta & áitiúla i gcomhréir leis na coinníollacha agus suas le leibhéal na rátaí reatha atá i bhfeidhm maidir leis an Státseirbhís
	Seimineáir, Ceardlanna	• Seomra ar cíos do chomhchruinniú (nóta: más le comhordú a bhaineann an cruinniú, is féidir sin a mheas mar chostas i gcoiteann) • Beartaíocht réamhullmhúcháin: cuardach páirtnéara – cuairteanna staidéir agus bearta gaolmhara
	Eagrú Cruinnithe	• Comhordú ar chruinnithe páirtnéirí lena n-áirítear costas taistil (nóta: más le comhordú a bhaineann an cruinniú, is féidir sin a mheas mar chostas i gcoiteann), cothabháil agus lóistín, costas taistil go

		háitiúil, liúntas misin, áitreabh agus trealamh ar cíos • Beartaíocht réamhullmhúcháin: cuardach páirtnéara – lena n-áirítear áitreabh nó trealamh ar cíos & lónadóireacht • Níl costas lónadóireachta inghlactha ach amháin maidir le cruinnithe idir páirtnéirí an chomhair agus ní cheadaítear ach an cineál seo a leanas: ➢ Tae & Caifé suas le huasmhéid €7 an duine ➢ Lón suas le huasmhéid €15 an duine

4. Cineálacha Cúnaimh – Céimeanna an Tionscadail

Bíonn am le caitheamh ar bhearta comhoibrithe a shonrú, a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a riar. Seo a leanas na trí cinn de chéimeanna a bhaineann le tionscadal i gcomhar:

Cineálacha Tacaíochta

- **Céim 1** Líonrú
- **Céim 2** Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin
- **Céim 3** Tionscadal i gComhar

4.1 Céim a hAon - Comhchaidreamh

Is gné bhuntábhachtach de ghníomhartha spreagúlachta an GÁG na bearta comhchaidrimh. Tugann an bheartaíocht sin deis don GÁG nasc a cheangal le LAGs as ceantair eile agus le heagraíochtaí eile. Meastar gurb é an comhchaidreamh an tús a bhíonn leis an gcomhoibriú.

Bíonn costais a bhaineann le bearta comhchaidrimh den chineál seo ag GÁG, mar shampla costas taistil agus lóistín, le híoc as buiséad reatha an GÁG maidir le Riarachán agus Spreagúlacht agus ní cheadaítear a áireamh ina thionscadal faoi leith faoin gclár.

4.2 Céim a Dó - Tionscadal Réamhullmhúcháin maidir le Tacaíocht Theicniúil (An Chéim Réamhfhorbartha)

Tagann Céim a Dó roimh aon tionscadal iomlán i gcomhar agus tugann an chéim seo deis do LAGs, do sheoltóirí tionscadail agus do rannpháirtithe eile teacht le chéile agus fiosrú a dhéanamh an mbeadh tairbhe agus fiúntas le bearta nithiúla a leagan amach ar a bhféadfaí tionscadal iomlán i gcomhar a bhunú.

Tugtar deis freisin iarratas agus comhaontú comhoibre a chur le chéile mar chuid den ullmhúchán do thionscadal iomlán i gcomhar faoi Chéim 3. D'fhéadfadh staidéar féidearthachta, anailís margaidh agus / nó saothrú ar na ceisteanna coitianta ba bhun le sraith gníomhartha a mbíonn tairbhe ag na limistéir GÁG ar fad atá páirteach sa tionscadal astu a bheith i gceist leis an Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin (An Chéim Réamhfhorbartha). Mar gheall ar nádúr na hoibre le tionscadal den sórt seo, gheofar tuiscint an ceart nó nach ceart leanúint ar aghaidh le tionscadal iomlán i gcomhar; ach níl sé éigeantach ina ainneoin sin leas a bhaint as an gcistíocht seo faoi chéim 2 roimh thionscadal iomlán i gcomhar.

Beidh Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin a cheadú ag GÁG ag brath ar a léiriú do na páirtithe uile a bhaineann leis an tionscadal go bhfeictear dóibh go mbeidh tionscadal iomlán i gcomhar á chur i bhfeidhm acu. Ba cheart go luaifí san iarratas na cuspóirí a bheadh le tionscadal iomlán i gcomhar agus cineál an tionscadail ar a laghad. Ní chiallaíonn tacaíocht theicniúil réamhullmhúcháin a fháil go bhfuil

dualgas tionscadal iomlán i gcomhar a chur i bhfeidhm ina dhiaidh sin – tiocfaidh an cinneadh leanúint ar aghaidh faoi anáil thoradh na céime réamhfhorbartha.

Áirítear i measc na gcostas atá inghlactha maidir le tacaíocht theicniúil réamhullmhúcháin:

- costais a bhaineann le lón taithí a mhalartú (e.g. cruinnithe le páirtnéirí ionchais, taisteal, lóistín agus táillí ateangaireachta) atá ceangailte go sonrach leis an tionscadal.

- costais réamhfhorbartha maidir leis an tionscadal (e.g. staidéar féidearthachta maidir leis an tionscadal, comhairleoireacht maidir le ceisteanna sainiúla faoi leith, costas aistriúcháin etc.).

Mar a chéile le gach tionscadal, ní áirítear aon chostas nach tar éis an litir tairisceana/conradh a shíniú a tharlaíonn sé.

€6,000, ar ráta suas le 100% in aghaidh an GÁG, uasmhéid an deontais is féidir a cheadú i ndáil le Tionscadal Réamhullmhúcháin maidir le Tacaíocht Theicniúil. Ní féidir tús a chur leis an maoiniú mura mbíonn gach gné de na tionscadail réamhullmhúcháin i gcomhar ceadaithe ag gach GÁG páirtnéireachta faoi seach. Ní féidir le GÁG cistíocht a chur ar fáil maidir le haon ghné de thionscadal réamhullmhúcháin i gcomhar ó bhíonn comhaontú maidir le tionscadal iomlán i gcomhar socraithe i.e. ní mór céim 2 a theacht roimh chéim 3.

Ní mór gach éileamh maidir le tacaíocht theicniúil réamhullmhúchain a chur isteach in éineacht (i.e. ní tharlóidh íocaíochtaí céimnithe) agus ní dhéanfaidh an GÁG íocaíocht ach amháin nuair a bhíonn tuairisc chinn tionscadail ag gabháil leis an éileamh ina gcuirtear síos ar an rannpháirtíocht a cothaíodh, ar na ceisteanna a ndeachthas i ngleic leo, ar aon saothar taighde/anailíse a rinneadh, ar thoradh an tionscadail agus ar an gciall cheannaithe maidir le comhoibriú san am atá le theacht.

4.2.1 An Próiseas Iarratais i ndáil le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin

- Féach le do thoil Aguisín 1 - Sreabhchlár na dTionscadal maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin go dtí an Litir Tairisceana.

- Tá an próiseas iarratais do thionscadail maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin ar aon dul le haon tionscadal eile de chuid LEADER, i.e. ní mór LS agus an Fhoirm Chaighdeánach Iarratais a líonadh agus a chur faoi bhráid gach GÁG le haontú.

- Ní mór do gach iarratasóir i ndáil leis an tionscadal foirm iarratais dá chuid féin a líonadh isteach. Is féidir le hiarratasóirí an téacs céanna a úsáid maidir le réimsí den fhoirm iarratais atá i gcoitinne acu, e.g. an cur síos ar an tionscadal, ionas go maolaítear an t-ualach riaracháin a ghabhann leis an bpróiseas iarratais.

- Ní mór gach gné den Phleanáil agus den Soláthar a thabhairt chun críche tráth an iarratais i.e. ní féidir ceadú sealadach a thabhairt.

- I ndáil le costas taistil agus cothabhála, tá Rátaí reatha na Státseirbhíse i bhfeidhm. I ndáil le costas eitilte agus le costas óstáin amháin, is féidir leis an GÁG na costais sin a cheadú bunaithe ar mheastachán de bharr chuardach idirlín. An costas eitilte agus óstáin dáiríre a bheidh inéilithe agus sin ar choinníoll nach sáraítear an uasmhéid €6,000 a bhaineann le Tionscadal i gcomhar maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin.

- Ní mór an Tuairisc Chaighdeánach Measúnóireachta ar Thionscadal a líonadh isteach maidir leis an tionscadal réamhullmhúcháin i gcomhar:

    - Is ceart do gach GÁG faoi seach tuairisc faoi leith a líonadh isteach agus is féidir le gach GÁG, mar is iondúil i ndáil le gach tionscadal ionas gur fusa an tuairisc a líonadh isteach, faisnéis atá i gcoitinne eatarthu a úsáid.

    NÓ

    - Sa chás go dtarlaíonn cuid an-mhór i gcoitinne ar fud na réimsí go léir, is féidir leis an GÁG Ceannródaíochta aontú tuairisc amháin a chur ar fáil maidir le hiomlán na réimsí – ní mór léargas a thabhairt ansin ar na cúinsí éagsúla i limistéar gach GÁG faoi leith, lena n-áirítear an dóigh ina dtagann an tionscadal le SFÁ na háite sin, socruithe éagsúla maidir le cúrsaí airgeadais etc.

- Is féidir le gach GÁG rannpháirtíochta an tionscadal a mheas lena cheadú:

    - ar bhonn measúnóireacht á dhéanamh go hiomlán ag Coiste Measúnóireacht an GÁG féin ar aon dul lena ndéanfaí i gcás aon tionscadal LEADER eile.

    NÓ

    - ar bhonn measúnóireacht á dhéanamh ag Coiste Measúnóireacht aon GÁG roghnaithe amháin atá lonnaithe in Éirinn. Sa chás go roghnaítear aon Choiste Measúnóireachta amháin, ní mór na Tuairiscí Measúnóireacht Tionscadail ó gach GÁG páirtnéireachta a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoiste Measúnóireachta sin lena meas nó aon Tuairisc Measúnóireacht Tionscadail amháin a chur i dtoll a chéile ina léirítear an cás maidir leis na grúpaí GÁG go léir faoi mar a luaitear thuas.

- Is ceart do GÁG na critéir seo a leanas a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil tionscadal réamhullmhúcháin i gcomhar maidir le tacaíocht theicniúil inghlactha:

    - Cé atá á sonrú ina pháirtnéir(bpáirtnéirí)* agus cén fiúntas a bheidh leo maidir leis an tionscadal? (* sonraítear de réir réigiúin/tíre)

- Sonraítear an chúis ar dócha gur féidir an tionscadal a thabhairt i gcrích más mar chomhbheart i gComhar a dhéantar é seachas mar ghnáth-thionscadal.
- Cén bheartaíocht comhchaidrimh atá déanta cheana féin leis an bpáirtnéir(na páirtnéirí) ionchais seo i ndáil leis an tionscadal ionchais?
- Sonraítear conas a sonraíodh an gá/éileamh maidir leis an tionscadal.
- Sonraítear an fáth gur dócha an tionscadal ionchais inchurtha i gcrích, má thugtar faoi mar chomhbheart i gComhar seachas mar ghnáth-thionscadal?

- Tá Bileog Scórála samplach don Choiste Measúnóireachta ar fáil (féach Aguisín 3) agus is féidir le GÁG sin a chur in oiriúint do chás a limistéir féin ach a chinntiú go sásaítear na coinníollacha measúnóireachta ar fad.

- Is ceart do gach GÁG Páirtnéireachta an t-iarratas a chur faoi bhráid maidir le Seiceáil Riaracháin, faoi mar a tharlódh le haon tionscadal LEADER eile, agus, ó bhíonn críochnaithe go hiomlán, is féidir a chur faoi bhráid an GÁG maidir le cinneadh ina leith.

- Maidir le tionscadal comhair trasnáisiúnta, is ar an gcoinníoll go n-éiríonn le gach páirtí eile aontú a fháil óna nÚdarás Bainistíochta/Cistíochta féin a eiseofar aontú le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin. Is leor, ag tráth an iarratais, teachtaireacht ríomhphoist ó na grúpaí GÁG páirtnéireachta taobh amuigh d'Éirinn á chur in iúl go bhfuil aontaithe leis an tionscadal agus beidh gá, tráth an éilimh, le deimhniú ón Údarás Bainistíochta maidir leis an aontú sin.

- Ní mór do gach GÁG litir tairisceana maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin a eisiúint chuig an iarratasóir lena mbaineann a luaithe a bhíonn an t-iarratas maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin i leith tionscadail ceadaithe ag an GÁG.

- Is ar gach GÁG faoi leith a fhanann, ar aon dul le gach tionscadal eile, de chúram an tionscadal maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin ina limistéar féin a thabhairt i gcrích.

- Sa chás go dtarraingíonn ceann de na páirtnéirí díreacha siar ón bpróiseas tar éis don GÁG an tionscadal a cheadú agus/nó tar éis shíniú an chonartha, ní mór an cheist maidir le hinmharthanacht an tionscadail feasta a phlé leis an Roinn. Is féidir leis an Roinn ligean don tionscadal leanúint ar aghaidh sa chás gur cinnte leis an Roinn gur féidir aidhmeanna an tionscadail a thabhairt i gcrích go fóill i limistéir na ngrúpaí GÁG eile.

- Sa chás (tionscadal inmheánach) gurb é an GÁG nó an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin an t-iarratasóir do thionscadal comhair maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin, ní mór don GÁG an deighilt chuí a chinntiú maidir le réimsí dualgais idir:

- na baill foirne a bhíonn páirteach maidir le gnéithe an iarratais agus gnéithe chur i bhfeidhm an tionscadail; agus,

- na baill foirne a bhíonn páirteach san obair measúnóireachta maidir leis an tionscadal agus sa phróiseas riaracháin.

4.3 Céim a Trí - Tionscadal Iomlán i gComhar

Is é a bhaineann le céim a trí tionscadal cinnte i gcomhar a chur i bhfeidhm lena mbaineann cuspóirí is féidir a thabhairt i gcrích, atá sainiúil soiléir, agus a mbeidh tairbhe dá mbarr ag gach limistéir atá páirteach sa tionscadal. Is féidir tionscadal a bheith dírithe ar réimse leathan beart, mar shampla cothú acmhainne, comhfhoilseacháin nó infheistíocht aiceanta.

Bíonn bainistíocht an tionscadail faoi stiúir ag GÁG comhordaithe/ceannródaíochta (nó ag Páirtnéir Forfheidhmiúcháin thar ceann an GÁG sin) agus ní mór an GÁG/páirtnéir sin a shonrú tráth an iarratais. Ní mór, maidir le tionscadal i gcomhar den uile chineál, réamhshonrú / aontú ag na páirtnéirí agus na hiarratasóirí díreacha (sa chás nach ionann an t-iarratasóir agus an GÁG páirtnéireachta) ar na príomhchritéir a bhaineann leis na bearta a roghnófar agus a chuirfear i gcrích. Is den tábhacht freisin go gcoinneodh gach páirtí na páirtithe go léir ar an eolas faoin dul chun cinn leis an tionscadal agus faoi aon athrú maidir leis an gcur i bhfeidhm.

Is ionann uasmhéid an deontais maidir le gach tionscadal iomlán i gcomhar agus €200,000 in aghaidh gach GÁG páirtnéireachta agus is féidir costais a aisíoc de réir an ráta céanna a bhaineann le gach tionscadal LEADER. Ní dhéanfar an íocaíocht dheireanach maidir le le tionscadal iomlán i gcomhar go gcuirtear tuairisc chinn tionscadail ar fáil ina gcuirtear síos ar an rannpháirtíocht a cothaíodh, ar na ceisteanna a ndeachthas i ngleic leo, ar aon saothar taighde / anailíse a rinneadh, ar thoradh an tionscadail agus ar an gciall cheannaithe maidir le comhoibriú san am atá le theacht. Is ceart an tuairisc sin a chur ar fáil i ngach cás gan bheann ar chineál na hinfheistíochta a bhí i gceist.

4.3.1 An Próiseas Iarratais i ndáil le Tionscadal i gComhar

- Féach le do thoil Aguisín 2 - Sreabhchlár maidir le Tionscadal Iomlán i gComhar go dtí an Litir Tairisceana.

- Bíonn iarratas nua maidir le tionscadal nua de dhíth, is cuma an ndearnadh iarratas ar chistíocht maidir le Céim 2 nó nach ndearnadh, i.e. cistíocht maidir le tacaíocht theicniúil réamhullmhúcháin.

- Tá an próiseas iarratais do Thionscadal Iomlán i gComhar ar aon dul le haon tionscadal eile de chuid, i.e. ní mór LS agus an Fhoirm Chaighdeánach Iarratais a líonadh agus a chur faoi bhráid gach GÁG le haontú.

- Ní mór do gach iarratasóir faoi i ndáil leis an tionscadal foirm iarratais dá chuid féin a líonadh isteach. Is féidir le hiarratasóirí an téacs céanna a úsáid maidir le réimsí den fhoirm iarratais atá i gcoitinne acu, e.g. an cur síos ar an tionscadal,.

- Ní mór gach gné den Phleanáil agus den Soláthar a thabhairt chun críche tráth an iarratais i.e. ní féidir Ceadú Sealadach a thabhairt.

- Is ceart a thabhairt chun aire maidir le Céim 3 - tionscadal iomlán i gcomhar, nach gá Céim 2 Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin a bheith déanta roimh ré.

- Ní mór an Tuairisc Chaighdeánach Measúnóireachta ar Thionscadal a líonadh isteach maidir leis an Tionscadal iomlán i gComhar.

    - Is ceart do gach GÁG faoi seach tuairisc faoi leith a líonadh isteach agus is féidir le gach GÁG, mar is iondúil i ndáil le gach tionscadal ionas gur fusa an tuairisc a líonadh isteach, faisnéis atá i gcoitinne eatarthu a úsáid.

    NÓ

    - Sa chás go dtarlaíonn cuid an-mhór i gcoitinne ar fud na réimsí go léir, is féidir leis an GÁG Ceannródaíochta aontú tuairisc amháin a chur ar fáil maidir le hiomlán na réimsí – ní mór léargas a thabhairt ansin ar na cúinsí éagsúla i limistéar gach GÁG faoi leith, lena n-áirítear an dóigh ina dtagann an tionscadal le SFÁ na háite sin, socruithe éagsúla maidir le cúrsaí airgeadais etc.

- Is ceart do GÁG na critéir seo a leanas a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil tionscadal iomlán i gcomhar inghlactha:

    - Cé atá á sonrú ina pháirtnéir(bpáirtnéirí)* agus cén fiúntas a bheidh leo maidir leis an tionscadal? (* sonraítear de réir réigiúin/tíre)

    - Sonraítear an chúis ar dócha gur féidir an tionscadal a thabhairt i gcrích más mar chomhbheart i gComhar a dhéantar é seachas mar ghnáth-thionscadal.

    - Cad é an toradh tuartha a thabharfaí i gcrích le tionscadal iomlán i gcomhar agus cad iad na torthaí is mian a thabhairt i gcrích i limistéar an Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta mar gheall ar an dtionscadal ionchais i gComhar – lena n-áirítear an togra maidir le tionscadal aiceanta a d'fhéadfadh eascairt i ndeireadh báire ón gcomhoibriú?

    - Cén bheartaíocht comhchaidrimh atá déanta cheana féin leis an bpáirtnéir(na páirtnéirí) ionchais seo i ndáil leis an tionscadal ionchais?

    - Conas a sonraíodh an gá/éileamh maidir leis an tionscadal?

- Sonraítear spriocanna an tionscadail agus na bearta a dhéanfar chun iad a bhaint amach.
- Sonraítear an ról atá le gach páirtnéir faoi seach maidir le heagrú agus cur i bhfeidhm an tionscadail.
- Sonraítear na socruithe eagrúcháin, monatóireachta agus measúnóireachta maidir leis an tionscadal:
- Cad iad na torthaí a bhfuiltear ag tnúth leo mar gheall ar an tionscadal?
- Is ceart tráthchlár a leagan amach maidir le cur i bhfeidhm an tionscadail agus le gnéithe bainistíochta.

- Is féidir le gach GÁG rannpháirtíochta an tionscadal a mheas lena cheadú:
  - ar bhonn measúnóireacht á dhéanamh go hiomlán ag Coiste Measúnóireacht an GÁG féin ar aon dul lena ndéanfaí i gcás aon tionscadal LEADER eile.

    NÓ

  - ar bhonn measúnóireacht á dhéanamh ag Coiste Measúnóireacht amháin arna roghnú i measc na ngrúpaí GÁG páirtnéireachta atá lonnaithe in Éirinn. Sa chás go roghnaítear aon Choiste Measúnóireachta amháin, ní mór na Tuairiscí Measúnóireacht Tionscadail ó gach GÁG/PF páirtnéireachta a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoiste Measúnóireachta sin lena meas nó aon Tuairisc Measúnóireacht Tionscadail amháin a chur i dtoll a chéile ina léirítear an cás maidir leis na grúpaí GÁG go léir faoi mar a luaitear thuas.
- Tá Bileog Scórála samplach don Choiste Measúnóireachta ar fáil (féach Aguisín 4) agus is féidir le GÁG sin a chur in oiriúint do chás a limistéir féin ach a chinntiú go sásaítear na coinníollacha measúnóireachta ar fad.
- Maidir le tionscadal comhair trasnáisiúnta, is ar an gcoinníoll go n-éiríonn le gach páirtí eile aontú a fháil óna nÚdarás Bainistíochta/Cistíochta féin a eiseofar aontú. Is leor, ag tráth an iarratais, teachtaireacht ríomhphoist ón GÁG páirtnéireachta taobh amuigh d'Éirinn á chur in iúl go bhfuil aontaithe leis an tionscadal agus beidh gá, tráth an éilimh, le deimhniú ón Údarás Bainistíochta maidir leis an aontú sin.
- Ní mór do gach GÁG litir tairisceana maidir le tionscadal iomlán i gComhar a eisiúint chuig an iarratasóir lena mbaineann a luaithe a bhíonn an t-iarratas maidir le tionscadal iomlán i gComhar ceadaithe ag an GÁG.

- Is ar gach GÁG faoi leith a fhanann, ar aon dul le gach tionscadal eile, de chúram an tionscadal iomlán i gComhar ina limistéar féin a thabhairt i gcrích.

- Sa chás go dtarraingíonn ceann de na páirtnéirí díreacha siar ón bpróiseas tar éis don GÁG an tionscadal a cheadú agus/nó tar éis shíniú an chonartha, ní mór an cheist maidir le hinmharthanacht an tionscadail feasta a phlé leis an Roinn. Is féidir leis an Roinn ligean don tionscadal leanúint ar aghaidh sa chás gur cinnte leis an Roinn gur féidir aidhmeanna an tionscadail a thabhairt i gcrích go fóill i limistéir na ngrúpaí GÁG eile.

- Ní mór do na páirtithe go léir atá ag tabhairt faoi thionscadal iomlán i gcomhar Comhaontú Comhair i scríbhinn a aontú eatarthu sula gcuirtear tús leis an tionscadal.

- Sa chás (tionscadal inmheánach) gurb é an GÁG nó an Páirtnéir Forfheidhmiúcháin an t-iarratasóir do thionscadal comhair maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin, ní mór don GÁG an deighilt chuí a chinntiú maidir le réimsí dualgais idir:

    - na baill foirne a bhíonn páirteach maidir le gnéithe an iarratais agus gnéithe chur i bhfeidhm an tionscadail; agus,

    - na baill foirne a bhíonn páirteach san obair measúnóireachta maidir leis an tionscadal agus sa phróiseas riaracháin.

4.4 Costais Riaracháin agus Spreagúlachta

Is maidir le Costais Riaracháin agus Spreagúlachta thionscadail de Chéim 3 amháin a bhainfear leas as an mbuiséad riaracháin agus spreagúlachta a chuirtear i leith Straitéis Forbartha Áitiúil an GÁG a úsáid.

5. Comhaontú Comhoibrithe

Ní mór do na páirtithe go léir (LAGs/IPs/Iarratasóirí) atá ag tabhairt faoi thionscadal iomlán i gcomhar Comhaontú Comhoibrithe i scríbhinn a cheangal eatarthu sula gcuirtear tús leis an tionscadal ina réigiún féin. Bíonn an Comhaontú Comhoibrithe ar leithligh ón Litir Tairisceana/Conradh. D'fhonn bainistíocht den éifeachtúlacht ar an tionscadal a chinntiú, is den tábhacht soiléiriú a thabhairt ón tús maidir leis na gnéithe seo a leanas:

- na spriocanna atá le baint amach;
- na rólanna agus na cúraimí éagsúla (maidir le bainistíocht, comhordú, monatóireacht agus measúnóireacht); agus
- ranníocaíochtaí airgeadais na bpáirtnéirí éagsúla go léir.

Níl aon cheangal i bhfeidhm maidir le Comhaontú Comhoibrithe a aontú don obair Réamhfhorbartha (Céim 2). Is féidir le LAGs, ina dhiaidh sin féin, comhaontú i scríbhinn a dhréachtadh ar mhaithe le tuairisc a thabhairt ar ról na bpáirtnéirí atá páirteach san obair sin, maille leis na cuspóirí atá leis an obair Réamhfhorbartha i gcoitinne, an roinnt a bheidh ar na costais agus an dóigh ina ndéanfar iad a ghlanadh.

Is ceart an Comhaontú Comhoibrithe maidir le tionscadal iomlán i gcomhar a bheith sínithe ag na rannpháirtithe go léir agus na nithe seo a leanas a bheith leagtha amach ann:

- gealltanas i scríbhinn ó na rannpháirtithe maille le hainm agus seoladh an Pháirtnéir Ceannródaíochta agus na rannpháirtithe eile go léir
- cur síos mionsonraithe ar an tionscadal
- an dóigh inar tugadh an gá/éileamh maidir leis an tionscadal chun suntais
- spriocanna an tionscadail (ionchuir; aschuir; agus torthaí) agus na gníomhartha a dhéanfar chun iad a thabhairt i gcrích
- an ról atá le gach páirtí maidir le heagrú agus cur i bhfeidhm an tionscadail;
- rannpháirtíocht airgeadais pháirtnéirí éagsúla an tionscadail ar fad; agus na gnéithe uile a bhaineann le buiséad foriomlán an tionscnaimh i gcomhar.
- na socruithe maidir le costais chomhroinnte a íoc.
- na socruithe maidir le cúrsaí eagrúcháin, monatóireachta agus measúnóireacht i leith an tionscadail;

- plean forfheidhmiúcháin agus bainistíochta i leith an tionscadail arna leagan amach de réir tráthchláir;
- an gnás maidir leis an gComhaontú a leasú.
- mionsonraí maidir le gnéithe uile bhuiséad fhoriomlán an tionscadail i gcomhar maille le cur síos mionsonraithe ar an tionscadal

Ní mór síniú a bheith curtha ag gach páirtnéir leis an gComhaontú Comhoibrithe sula gcuirtear tús leis an tionscadal.

6. An Próiseas Bainistíochta

Tá gach GÁG rannpháirtíochta freagrach as an ngné den tionscadal a bhaineann lena limistéar féin agus déantar gach gné a lua mar thionscadal faoi leith ar chóras TÉ LEADER, agus crostagairt á dhéanamh leis na gnéithe eile. Agus an tionscadal á lua ar chóras TÉ LEADER, tabharfar leide do gach GÁG maidir lena gcuid grúpaí GÁG páirtnéireachta agus Uimhir Thagartha an Tionscadail a roghnú ar chóras TÉ LEADER. Ní mór na mionsonraí sin a chur isteach i rith Chéim 2 ó tharla nach féidir páirtnéirí comhair breise a chur le tionscadal ina dhiaidh sin.

Ní mór do na páirtnéirí comhair GÁG Ceannródaíochta a ainmniú. Beidh an GÁG Ceannródaíochta freagrach as comhordú an tionscadail cé gur féidir na bearta oibre atá i gceist a leagan ar na grúpaí GÁG agus ar dhreamanna eile de réir mar a aontaíonn na páirtnéirí. Is féidir an GÁG Ceannródaíochta a athrú le linn chur i bhfeidhm an tionscadail ach aontú na bpáirtnéirí ar fad a bheith leis sin. Ní mór na sonraí a leasú ar chóras TÉ LEADER an tráth a dtarlaíonn athrú den sórt sin.

Is ceart don GÁG Ceannródaíochta a chinntiú go mbíonn cur chuige leanúnach ar fud na ngrúpaí GÁG rannpháirtíochta ar fad, lena n-áirítear an téarmaíocht chéanna a úsáid (e.g. ainm an tionscadail), an cur síos céanna ar an tionscadal na mionsonraí céanna san iarratas, etc.

Cuirfidh an Roinn an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi gach tionscadal Comhair trasnáisiúnta. Iarrfar mionsonraí ina leith sin ar an GÁG Ceannródaíochta, sa chás gur as Éirinn an GÁG Ceannródaíochta.

7. An Litir Tairisceana

Ba cheart go n-eiseodh gach GÁG atá páirteach sa tionscadal comhair an litir tairisceana agus fanann an fhreagracht maidir leis an tionscadal a thabhairt i gcrích ar gach GÁG mar a tharlaíonn maidir le gach tionscadal eile. Ní mór litir tairsceana/conradh a eisiúint i ndáil le tionscadal maidir le tacaíocht theicniúil

réamhullmhúcháin (tionscadal faoi Chéim 2) agus i ndáil le tionscadal iomlán i gcomhar (tionscadal faoi Chéim 3).

8. Tabhairt i bhfeidhm an Tionscadail agus Íocaíocht a Éileamh

Is ceart an tionscadal comhair a thabhairt i bhfeidhm de réir mar atá san iarratas a ceadaíodh agus sa chomhaontú idir na grúpaí GÁG atá páirteach ann. Déanann gach GÁG éileamh íocaíochta faoi seach i ndáil lena ngné féin den tionscadal. Sa chás go bhfuil costais tionscadail á gcur i gcomhpháirt:

- is ceart éileamh maidir le híocaíocht, maille le sonraisc, admhálacha agus cáipéisíocht thacaíochta, a chur ar an gcéad dul síos chuig an GÁG Ceannródaíochta d'fhonn an tseiceáil riaracháin a dhéanamh ina leith. Íocann an GÁG Ceannródaíochta a sciar den chúnamh deontais leis an iarratasóir i ndáil leis an gcaiteachas inghlactha atá deimhnithe. Is féidir cóip den cháipéisíocht a chur ansin chuig na grúpaí GÁG páirtnéireachta d'fhonn próiseáil a dhéanamh ar a ngné féin den deontas i gcabhair.

NÓ

- is féidir leis an GÁG Ceannródaíochta an iomlán an chostais a íoc maidir le gnéithe i gcomhpháirt den tionscdal agus sonrasc a sheoladh ansin chuig na grúpaí GÁG páirtnéireachta maidir lena sciar féin den chostas. Ní mór an cháipéisíocht a bhaineann le hábhar a bheith leis na sonraisc seo idir grúpaí GÁG, e.g. cóip de na sonraisc ó sholáthraithe a bhaineann le hábhar. Ba cheart an próiseas íocaíochta aontaithe a leagan amach sa Chomhaontú Comhair.

Aguisín 1: Sreabhchlár na dTionscadal maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin go dtí an Litir Tairisceana



Aguisín 2: Sreabhchlár na dTionscadal Iomlán i gComhar go dtí an Litir Tairisceana

Is féidir neamhaird a dhéanamh de na 3 chéim tosaigh más tionscadal faoi Chéim 2 atá i gceist a bhfuil na pointí uile a bhaineann le hábhar tugtha faoi mheas agus socraithe.



Aguisín 3: COMHAR LEADER - TACAÍOCHT THEICNIÚIL RÉAMHULLMHÚCHÁIN – COISTE MEASÚNÓIREACHTA GÁG

Is teimpléad seo le húsáid ag Coiste Measúnóireachta GÁG agus iarratas á mheas i ndáil le tionscadal comhair LEADER maidir le Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin (Céim 2) a mhaoiniú. €6,000 uasmhéid an deontais atá ar fáil in aghaidh an tionscadail agus in aghaidh an GÁG.

Dáta an Chruinnithe:	Uimh. Thag. an Iarratais	Teideal Oibre an tionscadail bheartaithe

Sula molfaí a gceadú, ní mór go ndéanfadh tionscadal: - ceisteanna 1-4 a phasáil - 'ní leanfadh' a bheith mar fhreagra ar cheist 11 - scór íosta 65% a ghnóthú.

C	Critéir Measúnóireachta	Aidhm	Tuairim an Choiste Measúnóireachta	Ualach	Scór	
1	Beart Scóipeála	Ar tharla comhchaidreamh agus / nó scóipeáil bonnlíne maidir leis an tionscadal beartaithe idir na grúpaí GÁG Páirtnéireachta ionchais a thabharfadh le fios gur fiú leanúint ar aghaidh le tionscadal Réamhfhorbartha?		N/A	*Pas*	*Teip*
2	Inmharthanacht an Tionscadail	An léir go bhfeictear do sheoltóir an tionscadail go gcuirfear tionscadal i gcrích dáiríre?		N/A	*Pas*	*Teip*
3	Cáipéisíocht / faisnéis	Cinntítear gur chuir seoltóir an tionscadail ar fáil an fhaisnéis / cháipéisíocht ar fad a d'iarr an t-oifigeach forbartha tionscadail ionas gur féidir an tionscadal a thabhairt chun cinn.		N/A	*Pas*	*Teip*
4	Díláithriúchán	An bhfuil an tionscadal ag teacht leis na coinníollacha maidir le díláithriú?		N/A	*Pas*	*Teip*
5	Teacht leis an Straitéis Forbartha Áitiúil	An dtagann an tionscadal beartaithe le príomhaidhmeanna Comhoibre an GÁG de réir an SFÁ?				

6	Nuálaíocht	An bhfuil nuálaíocht ó nádúr ag rith leis an tionscadal?				
7	Taithí sheoltóir an tionscadail	An bhfuil an oiliúint/na scileanna, an taithí nó an cleachtadh ag seoltóir an tionscadail chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích?				
8	Inmharthanacht Airgeadais	An bhfuil cuma réasúnta ar na gníomhartha beartaithe agus ar na costais a luaitear leo agus an bhfuil luach maith ar an airgead i gceist, agus an bhfuil dóthain cistí ar fáil chun comh-mhaoiniú a dhéanamh ar an tionscadal?				
9	Inmharthanacht	An bhfuil torthaí an tionscadail inmharthanach agus an bhfuil beartaíocht i gComhar de dhíth chun an tionscadal a thabhairt i gcrích?				
10	Riachtanas	An bhfuil an tionscadal dírithe ar riachtanas faoi leith nó ar bhearna shonrach sa mhargadh agus an bhfuil i ndán gur féidir torthaí chun tairbhe a thabhairt i gcrích maidir le limistéar an GÁG?				
11	Marbhualach	An leanfadh an tionscadal ar aghaidh gan cistíocht LEADER?	LEANFADH	NÍ LEANFADH	N/A	N/A
	N.B. *Sula molfaí a gceadú, ní mór go ndéanfadh tionscadal: - ceisteanna 1-4 a phasáil - 'ní leanfadh' a bheith mar fhreagra ar cheist 11 - scór íosta 65% a ghnóthú.*				***Iomlán:***	
Moladh an Choiste Measúnóireachta:						

Ní mór an réasún leis an gcinneadh seo a lua i miontuairiscí Choiste Measúnóireachta an GÁG agus ní mór do Chathaoirleach Choiste Measúnóireachta an GÁG síniu a chur leis an bhfoirm seo thíos.

Síniú: _____ Ainm (BLOCLITREACHA): _____ Cathaoirleach Choiste Measúnóireachta an GÁG

Dáta: _____ Ainm an Choiste Measúnóireachta (murarb é Coiste Measúnóireachta an GÁG féin): _____

Aguisín 4: TIONSCADAL COMHAIR LEADER COISTE MEASÚNÓIREACHTA GÁG

Is teimpléad seo le húsáid ag Coiste Measúnóireachta GÁG agus iarratas á mheas i ndáil le Tionscadal Comhair LEADER (Céim 3). €200,000 uasmhéid an deontais atá ar fáil in aghaidh an tionscadail agus in aghaidh an GÁG.

Dáta an Chruinnithe:	Uimh. Thagartha an Iarratais	Teideal Oibre an tionscadail bheartaithe

Sula molfaí a gceadú, ní mór go ndéanfadh tionscadal: - ceisteanna 1-4 a phasáil - 'ní leanfadh' a bheith mar fhreagra ar cheist 11 - scór íosta 65% a ghnóthú.

C	Critéir Measúnóireachta	Aidhm	Tuairim an Choiste Measúnóireachta	Ualach	Scór	
1	Beart Scóipeála	Ar tharla comhchaidreamh agus / nó scóipeáil bonnlíne maidir leis an tionscadal beartaithe idir na grúpaí GÁG Páirtnéireachta ionchais a thabharfadh le fios gur fiú leanúint ar aghaidh le tionscadal iomlán i gcomhar?		N/A	*Pas*	*Teip*
2	Inmharthanacht an Tionscadail	An léir go bhfeictear do sheoltóir an tionscadail go gcuirfear tionscadal i gcrích dáiríre? *(Sa chás gur cuireadh Tacaíocht Theicniúil Réamhullmhúcháin ar fáil maidir leis an tionscadal, ar cuireadh tuairisc ar an tionscadal sin ar fáil agus an dtugtar le fios ann go mbeadh an tionscadal inmharthana agus go n-eascródh fiúntas breise as?)*		N/A	*Pas*	*Teip*
3	Cáipéisíocht / faisnéis	Cinntítear gur chuir seoltóir an tionscadail ar fáil an fhaisnéis / cháipéisíocht ar fad a d'iarr an t-oifigeach forbartha tionscadail ionas gur féidir an tionscadal a thabhairt chun cinn.		N/A	*Pas*	*Teip*
4	Díláithriúchán	An bhfuil an tionscadal ag teacht leis na coinníollacha maidir le díláithriú?		N/A	*Pas*	*Teip*

5	Teacht leis an Straitéis Forbartha Áitiúil	An dtagann an tionscadal beartaithe le príomhaidhmeanna Comhoibre an GÁG de réir an SFÁ?				
6	Nuálaíocht	An bhfuil nuálaíocht ó nádúr i gceist leis an tionscadal, gan díláithriú a dhéanamh ar fhiontair reatha?				
7	Taithí sheoltóir an tionscadail	An bhfuil an oiliúint/na scileanna, an taithí nó an cleachtadh ag seoltóir an tionscadail chun an tionscadal seo a thabhairt i gcrích?				
8	Inmharthanacht Airgeadais	An bhfuil cuma réasúnta ar na gníomhartha beartaithe agus ar na costais a luaitear leo agus an bhfuil luach maith ar an airgead i gceist, agus an bhfuil dóthain cistí ar fáil chun comh-mhaoiniú a dhéanamh ar an tionscadal?				
9	Inmharthanacht	An bhfuil torthaí an tionscadail inmharthanach agus an bhfuil beartaíocht i gComhar de dhíth chun an tionscadal a thabhairt i gcrích?				
10	Riachtanas	An bhfuil an tionscadal dírithe ar riachtanas faoi leith nó ar bhearna shonrach sa mhargadh agus an bhfuil i ndán gur féidir torthaí chun tairbhe a thabhairt i gcrích maidir le limistéar an GÁG?				
11	Marbhualach	An leanfadh an tionscadal ar aghaidh gan cistíocht LEADER?	LEANFADH	NÍ LEANFADH	N/A	N/A
	N.B. *Sula molfaí a gceadú, ní mór go ndéanfadh tionscadal: - ceisteanna 1-4 a phasáil - 'ní leanfadh' a bheith mar fhreagra ar cheist 11 - scór íosta 65% a ghnóthú.*				***Iomlán:***	
Moladh an Choiste Measúnóireachta:						

Ní mór an réasún leis an gcinneadh seo a lua i miontuairiscí Choiste Measúnóireachta an GÁG agus ní mór do Chathaoirleach Choiste Measúnóireachta an GÁG síniu a chur leis an bhfoirm seo thíos.

Síniú: _____ Ainm (BLOCLITREACHA): _____ Cathaoirleach Choiste Measúnóireachta an GÁG

Dáta: _____ Ainm an Choiste Measúnóireachta (murarb é Coiste Measúnóireachta an GÁG féin): _____